2026/2176

29.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2176 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2026

mar thaca le Sásra Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um imscrúdú ar úsáid líomhnaithe arm ceimiceach agus bitheolaíoch a neartú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de;

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála;

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta ('Straitéis an Aontais'), a bhfuil liosta de bhearta chun an leathadh sin a chomhrac i gCaibidil III.

(2) Tá Straitéis an Aontais á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas agus tá éifeacht á tabhairt aige do na bearta a liostaítear i gCaibidil III di, go háirithe na bearta sin a bhaineann leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC) a neartú, a chur chun feidhme agus a uiliú.

(3) Le Compás Straitéiseach 2022 um Shlándáil agus Cosaint, tagraítear do shíorbhagairt an leathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta agus cuirtear in iúl ann cuspóir an Aontais gníomhaíochtaí nithiúla a neartú mar thaca le spriocanna dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm.

(4) Faoi chuimsiú Straitéis an Aontais, ghlac an Chomhairle, mar thaca le BTWC Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha 2006/184/CBES ([1]) agus 2008/858/CBES ([2]), agus Cinntí 2012/421/CBES ([3]), (CBES) 2016/51 ([4]), (CBES) 2019/97 ([5]), (CBES) 2024/349 ([6]) agus (CBES) 2025/494 ([7]). Trí na gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus na cinntí sin, rannchuidigh an tAontas le hacmhainneacht iltaobhach a fhorbairt chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid líomhnaithe na n-arm bitheolaíoch. Ba cheart an tacaíocht sin ón Aontas a choinneáil ar bun.

([1]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2006/184/CBES ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 65, 7.3.2006, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2006/184/oj).

([2]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/858/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC), faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 302, 13.11.2008, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/858/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2012/421/CBES ón gComhairle an 23 Iúil 2012 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC), faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 196, 24.7.2012, lch. 61, ELI: http://data. europa.eu/eli/dec/2012/421/oj).

([4]) Cinneadh (CBES) 2016/51 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC), faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 12, 19.1.2016, lch. 50, ELI: http:// data. europa.eu/eli/dec/2016/51/ojj).

([5]) Cinneadh (CBES) 2019/97 ón gComhairle an 21 Eanáir 2019 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 19, 22.1.2019, lch. 11, ELI: http://data. europa.eu/eli/dec/2019/97/oj).

([6]) Cinneadh (CBES) 2024/349 ón gComhairle an 16 Eanáir 2024 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (IO L, 2024/349, 17.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/349/oj).

([7]) Cinneadh (CBES) 2025/494 ón gComhairle an 11 Márta 2025 chun tacú leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, lena chlár idirsheisiúnach, agus leis na hullmhúcháin dá Dheichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin (IO L, 2025/494, 12.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/494/oj).

(5) Le Sásra Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um Imscrúdú ar Úsáid Líomhnaithe Arm Ceimiceach agus Bitheolaíoch ('Sásra an Ard-Rúnaí'), tagraítear don údarás a thugtar d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe le rún A/RES/42/37C ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Athdhearbhaíodh le Rún 620 (1988) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an t-údarás sin chun imscrúdú a sheoladh mar fhreagra ar thuarascálacha a thabharfaidh aon Bhallstát de chuid na Náisiún Aontaithe ar a aird d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, chun na fíorais a bhaineann le líomhaint go bhfuil na hairm sin á n-úsáid a shuí.

(6) Ina Chlár Oibre um Dhí-armáil dar teideal *Securing our Common Future* [Ár dTodhchaí Choiteann a Shlánú], a tíolacadh an 24 Bealtaine 2018, thug Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dá aire nach bhfuil aon bhuanchomhlacht amháin ag BTWC a bhfuil freagracht air imscrúduithe a dhéanamh agus é mar aidhm aige a chinneadh ar úsáideadh airm bhitheolaíocha de shárú ar BTWC nó nár úsáideadh. Dá bhrí sin, bunaítear leis an gClár Oibre um Dhí-armáil gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu rannchuidiú le creat a fhorbairt lena n-áirithítear freagairt chomhordaithe idirnáisiúnta ar úsáid arm bitheolaíoch, agus acmhainn lárnach bhuanchomhordaithe a bhunú chun imscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh ar úsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch.

(7) I bhfianaise an mhéid sin agus faoi chuimsiú Straitéis an Aontais, ghlac an Chomhairle freisin Cinneadh (CBES) 2020/732 ([8]) i dtaca le Sásra an Ard-Rúnaí d'fhonn an acmhainneacht iltaobhach a threisiú chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. I gcomhthéacs Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta, an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme, tabharfaidh an tAontas tuilleadh tacaíochta do ghníomhaíochtaí Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA) trí ghníomhaíocht oibríochtúil mar thaca le Sásra Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um imscrúdú ar úsáid líomhnaithe arm ceimiceach agus bitheolaíoch ('Sásra an Ard-Rúnaí') a neartú.

2. Tá an Cinneadh seo bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh agus as an taithí a fuarthas trí Chinntí 2012/421/CBES, (CBES) 2016/51, agus (CBES) 2020/732 agus iad a chomhtháthú;

(b) comhlántacht agus sineirgí a uasmhéadú i measc chláir agus thionscadail UNODA a fhaigheann tacaíocht ón Aontas, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gCoinbhinsiún maidir le hArm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC) agus le Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;

(c) tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme phríomheilimintí na mBuanbheart Ullmhúcháin atá fíor-riachtanach chun ullmhacht éifeachtach Shásra an Ard-Rúnaí a choinneáil ar bun agus a fheabhsú;

(d) rannpháirtíocht fhóinteach leanúnach na Saineolaithe Cáilithe, na Sainchomhairleoirí, agus na Saotharlann Anailíseach ón Domhan Theas a áirithiú ar fud na dtionscnamh agus na ngníomhaíochtaí ábhartha uile;

(e) comhpháirtíochtaí straitéiseacha le hinstitiúidí náisiúnta ábhartha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a neartú chun comhleanúnachas, comhordú, agus cumais chomhchoiteanna a threisiú.

([8]) Cinneadh (CBES) 2020/732 ón gComhairle an 2 Meitheamh 2020 chun tacú le Sásra Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um imscrúdú ar úsáid líomhnaithe arm ceimiceach agus bitheolaíoch nó tocsaineach (IO L 172 I, 3.6.2020, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/732/oj).

3. Is é cuspóir foriomlán na gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1 an acmhainneacht dhomhanda a neartú chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch agus tocsaine trí ullmhacht oibríochtúil Sásra an Ard-Rúnaí a fheabhsú, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le hailtireacht idirnáisiúnta níos éifeachtaí lena bhféadfaí úsáid arm bitheolaíoch a dhíspreagadh agus freagairt do sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar Phrótacal na Ginéive 1925.

4. Is é a bheidh i gcuspóirí sonracha na gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1:

(a) inniúlachtaí saineolaithe agus idir-inoibritheacht le haghaidh imscrúduithe éifeachtacha a neartú;

(b) socruithe bailíochtaithe agus comhair a chomhchuibhiú le Sásra an Ard-Rúnaí le haghaidh saotharlanna anailíseacha;

(c) tacaíocht lóistíochta agus trealaimh a neartú le haghaidh imscrúduithe agus oiliúna;

(d) feabhas a chur ar ghníomhaíocht chomhoibríoch trí fhor-rochtain agus comhordú straitéiseach.

5. Leagtar amach san Iarscríbhinn tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomh dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 2

1. Beidh an tArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is ar UNODA a chuirfear de chúram cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur i gcrích. Déanfaidh sé an cúram sin faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNODA.

Airteagal 3

1. Is é EUR 800 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

2. Bainisteofar an caiteachas a mhaoinítear leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú airgeadais i gcrích le UNODA. Sonróidh an comhaontú airgeadais go n-áiritheoidh UNODA infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú airgeadais dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a dtabharfar an comhaontú airgeadais chun críche.

Airteagal 4

Cuirfidh an tArdionadaí tuarascáil faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo bunaithe ar thuarascálacha tráthrialta a ullmhóidh UNODA. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn ag an measúnú a dhéanfaidh an Chomhairle. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir le gnéithe airgeadais chur chun feidhme na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(1). Tabharfaidh UNODA tuarascáil don Chomhairle gach 6 mhí.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a dtabharfar an comhaontú airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích nó 6 mhí tar éis dháta a ghlactha mura mbeidh comhaontú airgeadais tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

Rannchuidiú an Aontais Eorpaigh chun tacú le Sásra Ardrúnaí na Náisiúnta Aontaithe um Imscrúdú a dhéanamh ar Úsáid Líomhnaithe Arm Ceimiceach agus Bitheolaíoch a Neartú

I. CÚLRA

Bunaíodh Sásra Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um Imscrúdú ar Úsáid Líomhnaithe Arm Ceimiceach, Bitheolaíoch agus Tocsaine (UNSGM) de bhun rún A/42/37 C (1987) ón gComhthionól Ginearálta agus tá sainordú ag an sásra sin imscrúdú a dhéanamh go pras ar líomhaintí maidir le húsáid fhéideartha arm ceimiceach, baictéareolaíoch (bitheolaíoch) agus tocsaine mar fhreagairt ar thuarascálacha arna dtíolacadh ag aon Bhallstát, i gcás ina bhféadfadh na líomhaintí sin a bheith ina sárú ar Phrótacal na Ginéive 1925 nó ar rialacha ábhartha eile de dhlí idirnáisiúnta an ghnáis. Athdhearbhaíodh an sainordú sin a thuilleadh le rún 620 (1988) ón gComhairle Slándála. Is é UNSGM an t-aon sásra idirnáisiúnta neamhspleách eolaíochtbhunaithe a dhéanann imscrúdú ar úsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch nó tocsaine go fóill.

Tá UNSGM comhdhéanta de Shaineolaithe Cáilithe, Sainchomhairleoirí, agus Saotharlanna Anailíseacha arna n-ainmniú ag na Ballstáit, a bhféadfaí a iarraidh orthu ar gearrfhógra tacú le himscrúdú de chuid na Náisiún Aontaithe ar úsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch. Treisíonn na comhpháirteanna sin a chéile agus tacaíonn na Ballstáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha leo. Leis an struchtúr comhtháite il-chomhpháirte sin, cuirtear na hacmhainní ar fáil don Ardrúnaí chun misean a imscaradh go tapa a bheidh in ann imscrúduithe críochnúla oibiachtúla a dhéanamh i gcomhréir le Treoirlínte agus Nósanna Imeachta UNSGM, mar a formhuiníodh le rún A/RES/45/57 C (1990) ón gComhthionól Ginearálta.

Feidhmíonn Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA) mar choimeádaí UNSGM agus tá ról lárnach aici maidir leis na Buanbhearta Ullmhúcháin a leagtar amach sna Treoirlínte agus sna Nósanna Imeachta a choimeád. Áirítear leis sin bainistiú a dhéanamh ar uainchlár na Saineolaithe Cáilithe, na Sainchomhairleoirí, agus na Saotharlanna Anailíseacha; oiliúint agus cleachtaí ullmhachta a éascú, comhordú a dhéanamh leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta; agus na socruithe riaracháin, lóistíochta agus oibríochtúla is gá le haghaidh mear-imscartha a neartú, agus ar an gcaoi sin comhleanúnachas a áirithiú ar fud chomhpháirteanna UNSGM.

Le teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú (CWC) in 1997, ghlac an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) freagracht as imscrúdú a dhéanamh ar úsáid arm ceimiceach, ach amháin i gcásanna a bhaineann le Páirtithe neamhstáit in CWC. Dá bhrí sin, ba é tosaíocht Bhuanbhearta Ullmhúcháin UNSGM ullmhacht le haghaidh imscrúduithe a bhaineann le hairm bhitheolaíocha agus thocsaine.

Tá ról ríthábhachtach ag UNSGM maidir le noirm dhomhanda a chaomhnú agus a threisiú i gcoinne úsáid arm bitheolaíoch agus maidir lena ullmhacht oibríochtúil a choimeád, ní hamháin chun imscrúduithe tapa inchreidte a chumasú i gcás ina dtiocfadh líomhaintí chun cinn, ach chun bheith ina dhíspreagadh i gcoinne úsáid arm bitheolaíoch freisin.

II. CREAT GINEARÁLTA

Tá Straitéis 2003 an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (AOS) ailínithe go hiomlán le cuspóirí UNSGM, toisc go leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé na sásraí fíorúcháin atá ann cheana a neartú, ar sásraí iad is gá chun inbhraiteacht éifeachtach sáruithe a áirithiú, agus chun neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh. Dá réir sin, thug an tAontas tacaíocht shuntasach do UNSGM, lena n-áirítear trí thionscadail arna gcistiú faoi Chinntí 2012/421/CBES, (CBES) 2016/51 agus (CBES) 2020/732 ón gComhairle. Ag tógáil ar an mbonn sin, is é is aidhm don tionscadal na torthaí a baineadh amach trí chúnamh ón Aontas roimhe seo a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn a thuilleadh.

Beidh na prionsabail seo a leanas mar threoir agus an tionscadal á chur chun feidhme:

(a) Leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh agus as an taithí a fuarthas trí Chinntí 2012/421/CBES, 2016/51, (CBES) 2016/51 agus (CBES) 2020/732 agus iad a chomhtháthú.

(b) Comhlántacht agus sineirgí a uasmhéadú i measc chláir agus thionscadail UNODA a fhaigheann tacaíocht ón Aontas, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC) agus le rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(c) Tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme phríomheilimintí na mBuanbheart Ullmhúcháin atá fíor-riachtanach chun ullmhacht oibríochtúil agus feidhmiú éifeachtach UNSGM a choimeád agus a fheabhsú.

(d) Rannpháirtíocht fhóinteach leanúnach Saineolaithe Cáilithe, Sainchomhairleoirí, agus Saotharlanna Anailíseacha ón Domhan Theas a áirithiú ar fud na dtionscnamh agus na ngníomhaíochtaí ábhartha uile.

(e) Comhpháirtíochtaí straitéiseacha le hinstitiúidí náisiúnta ábhartha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a neartú chun comhleanúnachas, comhordú agus cumais chomhchoiteanna a threisiú.

III. CUSPÓIR AGUS TORTHAÍ

Cuspóir/Tionchar Foriomlán

Is é cuspóir foriomlán an tionscadail an acmhainneacht dhomhanda a neartú chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch agus tocsaine trí ullmhacht oibríochtúil UNSGM a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hailtireacht idirnáisiúnta níos éifeachtaí atá in ann úsáid arm bitheolaíoch a dhíspreagadh agus freagairt do sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar Phrótacal na Ginéive 1925.

Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo

Mar shásra ina bhfuil an iliomad comhpháirteanna idirspleácha, braitheann éifeachtacht UNSGM ar neartú leanúnach na ngnéithe sin agus ar a gcumas oibriú go comhtháite mar struchtúr imscrúdaitheach aontaithe. Trí na croí-chomhpháirteanna sin agus na naisc eatarthu a threisiú, is é is aidhm don tionscadal a áirithiú go mbeidh UNSGM comhleanúnach, dea-chomhtháite agus láidir ó thaobh oibríochta de, a bheidh in ann imscrúduithe diana eolaíocht-bhunaithe a dhéanamh nuair is gá.

Táthar ag súil go ndéanfar an méid seo a leanas mar thoradh ar an tionscadal:

1. Neartófar inniúlachtaí agus idir-inoibritheacht na Saineolaithe Cáilithe agus déanfar iad a fheidhmiú chun tacú le himscrúduithe críochnúla agus éifeachtacha a dhéanamh.

2. Déanfar saotharlanna anailíseacha módúlachtaí bailíochtaithe comhchuibhithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí saotharlainne, agus módúlachtaí comhair idir saotharlanna agus UNSGM.

3. Feabhsófar rochtain, bainistiú agus imscaradh trealaimh agus soláthairtí le haghaidh oiliúna agus imscrúduithe.

4. Neartófar an comhar le páirtithe leasmhara trí fhor-rochtain straitéiseach, comhpháirtíochtaí agus comhordú.

IV. TIONSCADAIL, ASCHUIR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

1. **Inniúlachtaí Saineolaithe agus Idir-inoibritheacht le haghaidh Imscrúduithe Éifeachtacha a Neartú**

1.1. Cuspóir

Déanann Saineolaithe Cáilithe imscrúduithe ar úsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch nó tocsaine i gcomhréir leis na Treoirlínte agus na Nósanna Imeachta. Nuair a imscarfar iad, táthar ag súil go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile agus go gcuirfidh siad modhanna agus próisis UNSGM-sonrach i bhfeidhm chun neamhchlaontacht agus inchreidteacht an imscrúdaithe a áirithiú, lena n-áirítear samplaí, faisnéis agus fianaise ábhartha eile a bhailiú, finnéithe a chur faoi agallamh, agus teagmháil a dhéanamh le húdaráis agus le páirtithe leasmhara ábhartha.

Ainmnítear Saineolaithe Cáilithe ar uainchlár UNSGM i gcomhréir leis na speisialtóireachtaí a leagtar amach sna Treoirlínte agus sna Nósanna Imeachta, lena gcumhdaítear disciplíní amhail leigheas, leigheas tréidliachta, sláinte plandaí, micribhitheolaíocht, ceimic, tocsaineolaíocht agus eipidéimeolaíocht. Léiríonn na réimsí sin an leithead teicniúil is gá chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch nó tocsaine. Ós rud é go dtagann saineolaithe ó chórais náisiúnta éagsúla, d'fhéadfadh a leibhéil ullmhachta agus idir-inoibritheachta a bheith éagsúil mar gheall ar dhifríochtaí i gcaighdeáin, nósanna imeachta agus taithí náisiúnta le himscrúduithe idirnáisiúnta agus le modhanna UNSGM-sonracha.

Chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí sin agus chun a áirithiú gur féidir le foirne oibriú go comhtháite i dtimpeallachtaí casta, cuireann UNODA coincheap oiliúna ullmhachta forásaí chun feidhme arb é is aidhm dó saineolas a chomhchuibhiú, croí-inniúlachtaí a chaighdeánú, agus bonnlíne chomhchoiteann a bhunú i measc na saineolaithe uile a d'fhéadfaí a imscaradh. Is é UNODA a chuireann coincheap na hoiliúna chun feidhme i gcomhpháirtíocht le Ballstáit na Náisiún Aontaithe, le heintitis na Náisiún Aontaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, chomh maith le hinstitiúidí speisialaithe neamhrialtasacha.

1.2. Tuairisc

Conair ilsrathach atá i gcoincheap na hoiliúna ullmhachta:

Leibhéal 1 – Oiliúint Bhunúsach: Bunchúrsa lena gcuirtear i láthair sainordú UNSGM, módúlachtaí oibríochtúla agus ceanglais theicniúla. Foghlaimíonn na rannpháirtithe faoin gcreat domhanda lena dtoirmisctear airm bhitheolaíocha, faoi struchtúr agus feidhmeanna UNSGM, agus faoi na céimeanna a bhaineann le himscrúdú a sheoladh. Cumhdaítear le modúil phraiticiúla pleanáil agus tuairisciú misean, bailiú agus láimhseáil samplaí agus fianaise, brath agus anailís *in situ*, agus measúnú riosca agus sábháilteacht phearsanta.

Leibhéal 2 – Oiliúint Scileanna: Sainchúrsaí atá curtha in oiriúint do róil saineolaithe agus do réimsí teicniúla. I measc na modúl atá ann faoi láthair tá:

— Dí-éilliú

— Bainistiú Láthair na Coireachta Bitheolaíche

— Agallamh Imscrúdaitheach

— Sampláil agus Iompar Substaintí Tógálacha agus Tocsaineacha

— Cineálacha Cur Chuige Sábháilte agus Slána i dTimpeallachtaí Allamuigh (SSAFE)

Ardleibhéal 2 – Cleachtaí Ionsamhlúcháin: Cleachtaí cás-bhunaithe a ligeann do shaineolaithe scileanna teicniúla agus oibríochtúla a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna imscrúdaitheacha réalaíocha. Leis na cleachtaí sin, déantar rannpháirtithe a ullmhú le haghaidh cleachtaí lánscála Leibhéal 3 agus cuidítear le measúnú a dhéanamh ar a gcumas oibriú faoi dhálaí éagsúla dúshlánacha.

Leibhéal 3 – Cleachtadh Lánscála Allamuigh (Capstone): Ionsamhlúchán cuimsitheach de shaolré iomlán imscrúdaithe, a ceapadh chun measúnú a dhéanamh ar ullmhacht chomhchoiteann agus ar chomhleanúnachas oibríochtúil an tsásra.

Faoin tionscadal, soláthrófar dhá chúrsa oiliúna Leibhéal 2 agus cleachtaí ionsamhlúcháin le haghaidh 32 Shaineolaí Cháilithe san iomlán.

1.3. Torthaí

Cuirfidh an tionscadal le hinfhaighteacht Saineolaithe Cáilithe arna n-oiliúint trí choincheap na hoiliúna ullmhachta ilsrathaí. Áiritheofar leis sin go mbeidh foirne imscrúdaithe comhdhéanta de speisialtóirí a bhfuil bonnlíne theicniúil chomhsheasmhach acu, a leanann comhchaighdeáin oibríochtúla, agus a bhfuil tuiscint shoiléir acu ar a róil agus ar a bhfreagrachtaí, rud a chuirfidh ar chumas an Ardrúnaí foirne ildisciplíneacha a imscaradh a bheidh in ann imscrúduithe críochnúla a dhéanamh.

2. **Comhchuibhiú na Socruithe Bailíochtaithe agus Comhoibrithe le haghaidh Saotharlanna Anailíseacha**

2.1. Ábhar

Féadfar a iarraidh ar Shaotharlanna Anailíseacha a ainmnítear d'uainchlár UNSGM anailís atá dian ó thaobh na heolaíochta de a dhéanamh ar shamplaí arna mbailiú ag Saineolaithe Cáilithe le linn imscrúdaithe, agus modhanna bailíochtaithe agus diancheanglais an tslabhra coinneála agus an dearbhaithe cáilíochta á gcur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní mór dóibh na ceanglais maidir le bailíochtú agus measúnú feidhmíochta a leagtar amach sna Treoirlínte agus sna Nósanna Imeachta a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí staidéir chalabrúcháin idirshaotharlainne atá ceaptha chun bailíocht agus cruinneas a modhanna anailíseacha a léiriú. Feidhmíonn na staidéir sin chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht saotharlainne aonair agus chun an leibhéal comhchoiteann ullmhachta agus cumais a chinneadh chun speictream iomlán na n-oibreán bitheolaíoch agus na dtocsainí a d'fhéadfadh a bheith ann le linn imscrúdaithe a bhrath agus a shainaithint. Ina theannta sin, ceanglaítear ar na Ballstáit a bhfuil Saotharlanna Anailíseacha á n-óstáil acu aistriú rianúil gan bhac samplaí agus fianaise eile a áirithiú, lena n-áirítear ábhair a imréiteach trí údaráis náisiúnta, custaim agus seirbhísí coraintín gan mhoill nó gan cur i mbaol.

Thacaigh roinnt Ballstát le staidéir idirshaotharlainne agus le gníomhaíochtaí gaolmhara. Mar fhreagairt air sin, d'oibrigh UNODA leis na Stáit sin chun rannpháirtíocht chothrom réigiúnach a áirithiú, lena n-áirítear trí urraíocht a dhéanamh ar rannpháirtíocht Saotharlanna Anailíseacha i gcleachtaí agus ardáin bhliantúla ábhartha.

Cé is moite de roinnt eisceachtaí, áfach, rinneadh na tionscnaimh idirshaotharlainne sin ar bhonn *ad hoc* den chuid is mó. Ina theannta sin, tá gá le módúlachtaí oibríochtúla soiléire agus comhchuibhithe idir UNODA agus Saotharlanna Anailíseacha ainmnithe chun idirghníomhaíocht, comhar, agus aistriú slán gan bhac samplaí agus fianaise le haghaidh imscrúduithe agus cleachtaí ullmhachta a rialú.

Dá bhrí sin, táthar ag féachaint leis an tionscadal le haghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin tríd an gcomhordú a dhéantar le soláthraithe cúnaimh a neartú, gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tsaotharlann a chuíchóiriú, agus iad a chomhtháthú go córasach in iarrachtaí ullmhachta níos leithne UNSGM.

2.2. Tuairisc

Tabharfaidh UNODA faoi réamhchomhairliúcháin le Saotharlanna Anailíseacha, Sainchomhairleoirí, na Ballstáit, agus institiúidí comhpháirtíochta ábhartha. Beidh na comhairliúcháin sin ina mbonn eolais don fhorbairt agus don mhionchoigeartú a dhéanfar ar dhréachtmhódúlachtaí agus nósanna imeachta maidir le bailíochtú saotharlann, agus maidir le hidirghníomhaíocht idir UNSGM agus Saotharlanna Anailíseacha.

Chun módúlachtaí bailíochtaithe comhchuibhithe a fhorbairt, lena n-áirítear staidéir chalabrúcháin idirshaotharlainne, Cleachtaí Dearbhaithe Cáilíochta Sheachtraigh agus tástáil inniúlachta, bainfear leas as cleachtais bhailíochtaithe atá ann cheana sna réamhchomhairliúcháin, agus fiosrófar bealaí le go bhféadfaí cuir chuige chomhsheasmhacha maidir le cleachtaí bailíochtúcháin a phleanáil, a dhéanamh agus a athbhreithniú.

A mhéid a bhaineann le nósanna imeachta struchtúrtha maidir le hidirghníomhaíocht a fhorbairt, déanfar scrúdú sna comhairliúcháin ar na cleachtais chomhair agus malartaithe faisnéise atá ann cheana, ar threoracha arna dtairiscint ag na Ballstáit, agus ar shrianta oibríochtúla a dhéanann difear do ghluaiseacht shlán samplaí agus fianaise. Beidh na comhairliúcháin sin mar bhonn eolais agus socruithe struchtúrtha agus nósanna imeachta aistrithe, láimhseála agus diúscartha samplaí á ndréachtú.

Bainfidh UNODA leas as ról comhairleach na Sainchomhairleoirí freisin trí dhaoine aonair a shainaithint ar uainchlár UNSGM a bhfuil na próifílí teicniúla is gá acu chun tacú le bearta ullmhachta saotharlainne agus chun ionchur speisialaithe a thabhairt le linn an phróisis. Déanfar na comhairliúcháin ar bhonn fíorúil, ach amháin cruinniú amháin, a reáchtálfar i bpearsa.

I bhfianaise an ghá atá le saineolas teicniúil an-speisialaithe chun tacú le cur chun feidhme an chúraim sin, **bainfidh UNODA leas as seirbhísí sainchomhairleora sheachtraigh ar feadh suas le 5 mhí**. Tacóidh an sainchomhairleoir leis na comhairliúcháin a phleanáil agus a chur chun feidhme; déanfaidh sé athbhreithniú agus mapáil ar na cleachtais atá ann cheana maidir le bailíochtú saotharlainne, tástáil inniúlachta agus dearbhú cáilíochta; déanfaidh sé anailís ar fhaisnéis a bhailítear trí chomhairliúcháin agus trí thaighde deisce; agus tabharfaidh sé comhairle theicniúil maidir le dréacht-mhódúlachtaí agus nósanna imeachta a fhorbairt le haghaidh bailíochtú saotharlainne agus idirghníomhaíocht idir UNSGM agus saotharlanna anailíseacha. Cuideoidh an sainchomhairleoir freisin le doiciméid eolais agus tuarascálacha ar chruinnithe a ullmhú, agus rannchuideoidh siad le dréachtú agus mionchoigeartú a dhéanamh ar mholtaí, treoirdhoiciméid, agus socruithe nós imeachta a bhaineann le hullmhacht saotharlainne, aistriú samplaí, nósanna imeachta láimhseála agus diúscartha, agus obair eile lena mbaineann faoin gcúram sin.

Ina theannta sin, leanfaidh UNODA de rannpháirtíocht leathan chothrom ó thaobh na geografaíochta de a chur chun cinn agus a áirithiú i gcleachtaí agus ar ardáin idirshaotharlainne arna dtairiscint ag na Ballstáit, ar bhealaí mar shampla **suas le hocht (8) sliotán urraíochta a thairiscint chun** rannpháirtíocht Saotharlann Anailíseach i gceardlanna bliantúla agus i ngníomhaíochtaí ábhartha a éascú.

2.3. Torthaí

Trí thús a chur le forbairt módúlachtaí comhsheasmhacha maidir le cleachtaí bailíochtaithe Saotharlainne Anailísí a phleanáil, a dhéanamh agus a athbhreithniú, chomh maith le socruithe struchtúrtha le haghaidh idirghníomhaíocht agus comhar saotharlainne, rannchuideoidh an tionscadal le feabhas a chur ar chumas UNODA iontaofacht, cruinneas agus ullmhacht oibríochtúil saotharlainne ainmnithe a fhíorú agus a bhunú. Tacóidh na módúlachtaí sin freisin le saotharlanna na feidhmeanna atá acu faoi Threoirlínte agus Nósanna Imeachta UNSGM a chomhlíonadh ar bhealach níos soiléire, níos comhsheasmhaí agus níos intuartha. Tacóidh an tionscadal freisin le rannpháirtíocht leanúnach Saotharlann Anailíseach atá ag feidhmiú i réigiúin faoi ghannionadaíocht i dtionscnaimh ghaolmhara faoi stiúir na mBallstát.

3. **Tacaíocht Lóistíochta agus Trealaimh d'Imscrúduithe agus d'Oiliúint a Neartú**

3.1. Ábhar

Is cumasóirí riachtanacha d'imscrúduithe agus do ghníomhaíochtaí ullmhachta UNSGM iad trealamh agus soláthairtí, rud a fhágann gur féidir misin a dhéanamh go sábháilte, go héifeachtúil agus i gcomhréir leis na caighdeáin eolaíocha agus oibríochtúla is infheidhme. Ós rud é go bhfuil riachtanais imscrúdaitheacha éagsúla ag na misin, ní mór rochtain thráthúil a bheith ag foirne ar raon solúbtha cuimsitheach trealaimh, tomhaltán agus earraí cosanta pearsanta is féidir a imscaradh go tapa i dtimpeallachtaí oibríochtúla éagsúla.

Faoi Threoirlínte agus Nósanna Imeachta UNSGM, is é an tArdrúnaí atá freagrach as a áirithiú gur leor an comhthiomsú comhchoiteann de threalamh a thug na Ballstáit go comhchineálach chun tacú le haon imscrúdú a bheidh á dhéanamh, agus is é atá freagrach as modhanna malartacha a shocrú i gcás ina bhfuil bearnaí ann ina leith sin. Faoi láthair, áfach, níl creat oibríochtúil comhdhlúite ag UNSGM lena sainítear an tslí a ndéantar trealamh – cibé acu a thugann na Ballstáit é go comhchineálach nó a sholáthraíonn UNODA é – a fháil, a fhíorú, a stóráil, a chothabháil agus a imscaradh, lena n-áirítear na nósanna imeachta caighdeánaithe, na sreafaí oibre, agus na sonraíochtaí teicniúla gaolmhara. Toisc nach bhfuil an ceart sin ann, chomh maith leis an easpa stoc-charn riachtanach, rinneadh difear freisin d'oiliúint agus do chleachtaí ullmhachta, a bhí ag brath go dtí seo ar sholáthairtí a chuir comhpháirtithe oiliúna ar fáil ar bhonn *ad hoc*.

Faoi thionscadail a cuireadh i gcrích roimhe seo, thionscain UNODA comhairliúcháin agus comhoibriú le comhpháirtithe oiliúna, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus eintitis inmheánacha na Náisiún Aontaithe, chun athbhreithniú a dhéanamh ar liosta comhdhlúite trealaimh agus soláthairtí, chomh maith le mapáil shealadach a dhéanamh ar na socruithe ar iad a fháil agus a bhainistiú. Ag cur leis an obair tosaigh sin, cuirfidh an tionscadal tús le creat oibríochtúil cuimsitheach a fhorbairt lena rialófar fáil agus bainistiú ranníocaíochtaí comhchineáil agus trealaimh agus soláthairtí a fuarthas ó na Náisiúin Aontaithe araon.

3.2. Tuairisc

Leanfaidh UNODA de chomhairliúcháin a dhéanamh le Sainchomhairleoirí, Tascfhórsa Inmheánach na Náisiún Aontaithe maidir le UNSGM, eintitis ábhartha lóistíochta agus soláthair de chuid na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, agus comhpháirtithe oiliúna chun réamhchreat a dhearadh ar mhaithe le fáil, bainistiú agus imscaradh trealaimh agus soláthairtí a threorú, lena n-áirítear earraí arna dtairiscint go comhchineálach ag na Ballstáit. Tabharfar aghaidh sna comhairliúcháin ar nósanna imeachta praiticiúla chun ranníocaíochtaí comhchineáil a chlárú agus a fhíorú; stóráil agus cothabháil a bhainistiú; sonraíochtaí teicniúla a bhunú; agus módúlachtaí a shainiú maidir le trealamh a shlógadh, a imscaradh agus a aisdúichiú, chomh maith le róil, freagrachtaí agus sreafaí oibre gaolmhara. Déanfar na comhairliúcháin sin go fíorúil agus ar imeall na bhfóram idirnáisiúnta ábhartha i gcás inar gá.

Déanfaidh UNODA mapáil freisin ar na hacmhainneachtaí atá ar fáil trí eintitis de chuid na Náisiún Aontaithe atá freagrach as tacaíocht oibríochtúil agus lóistíochta a thabhairt, agus trí eagraíochtaí idirnáisiúnta comhpháirtíochta a bhfuil sé curtha in iúl acu go bhfuil siad réidh chun tacaíocht chomhairleach agus oibríochtúil a chur ar fáil trína lárionaid lóistíochta dhomhanda.

I bhfianaise an ghá atá le saineolas teicniúil an-speisialaithe ar mhaithe leis an gcúram sin a chur chun feidhme, **bainfidh UNODA leas as seirbhísí sainchomhairleora sheachtraigh ar feadh suas le 4 mhí**. Tacóidh an sainchomhairleoir leis na comhairliúcháin a phleanáil agus a dhéanamh; athbhreithniú agus mapáil a dhéanamh ar chumais oibríochtúla agus lóistíochta; agus tacú le forbairt agus mionchoigeartú creata lena rialaítear clárú, fíorú, stóráil, cothabháil, slógadh, imscaradh agus aisdúichiú trealaimh agus soláthairtí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí comhchineáil a fuarthas ó na Ballstáit.

3.3. Torthaí

Rannchuideoidh an tionscadal le forbairt an chreata oibríochtúil is gá chun cumas UNSGM a neartú ó thaobh trealamh agus soláthairtí a fháil, a sholáthar, a bhainistiú agus a imscaradh chun tacú le himscrúduithe agus gníomhaíochtaí ullmhachta.

4. **Gníomhaíocht Chomhoibríoch a Fheabhsú trí Fhor-rochtain agus Comhordú Straitéiseach**

4.1. Ábhar

Sainaithnítear i dTreoirlínte agus Nósanna Imeachta UNSGM raon páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le Buanbhearta Ullmhúcháin agus misin imscrúdúcháin a chur chun feidhme. Áirítear orthu sin na Ballstáit a ainmníonn saineolaithe agus saotharlanna anailíseacha agus a thugann tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil; Sainchomhairleoirí a thugann tacaíocht theicniúil agus chomhairleach don Ard-Rúnaí; agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a chuireann saineolas speisialaithe agus cúnamh oibríochtúil ar fáil laistigh dá sainorduithe faoi seach.

Le blianta beaga anuas, neartaigh na hiarrachtaí leanúnacha for-rochtana a rinne UNODA ionadaíocht ón Domhan Theas in UNSGM, go háirithe ionadaíocht ón Afraic, Meiriceá Laidineach agus an Mhuir Chairib, agus réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Mar thoradh air sin, tháinig méadú suntasach ar ionadaíocht na réigiún sin ar uainchlár UNSGM, rud a chuir feabhas ar an gcothromaíocht gheografach agus a chuir le héagsúlacht an tsaineolais ann.

D'fhorbair UNODA a chaidreamh le heintitis rialtasacha agus neamhrialtasacha chun tacú le neartú leanúnach a dhéanamh ar gach gné de na Buanbhearta Ullmhúcháin trí leas a bhaint as eolas agus taithí éagsúil chun saincheisteanna agus dea-chleachtais atá ag teacht chun cinn agus atá ábhartha do UNSGM a shainaithint.

Tá sé ríthábhachtach i gcónaí an comhar leis na páirtithe leasmhara sin agus ina measc a neartú chun an saineolas agus na hacmhainní atá ar fáil a úsáid go hiomlán, chun gníomhaíocht chomhleanúnach chomhlántach a áirithiú, agus chun leas a bhaint as eolas agus cumais ó na réigiúin ar fad.

4.2. Tuairisc

Bainfidh UNODA leas as fóraim iltaobhacha agus comhdhálacha ábhartha ar mhaithe le rannpháirtíocht raon leathan páirtithe leasmhara agus imeachtaí ar an imeall a eagrú nuair is féidir. Áireofar ar na fóraim sin Cruinnithe de na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha, cruinnithe de Mheitheal na Comhpháirtíochta Domhanda in aghaidh Leathadh Arm agus Ábhar Ollscriosta, agus ardáin chomhchosúla.

Trí na rannpháirtíochtaí sin, féachfaidh UNODA le UNSGM a chur chun cinn i measc réigiún atá faoi ghannionadaíocht ar an uainchlár, chomh maith le tacaíocht a fháil ó na Ballstáit agus ó eintitis chomhpháirtíochta, agus a áirithiú go ndéanfar an tacaíocht sin a chomhordú, a chuíchóiriú agus a ailíniú le tosaíochtaí sainaitheanta, agus ar an gcaoi sin an úsáid a bhaintear as acmhainní a bharrfheabhsú, inbhuanaitheacht a fheabhsú, agus comhpháirtíochtaí a threisiú sa chreat comhleanúnach.

4.3. Torthaí

Meastar go neartófar leis an tionscadal an tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil a thugtar do UNSGM trí ionadaíocht réigiúnach a leathnú, éagsúlacht an tsaineolais a mhéadú sa Sásra, agus comhordú agus comhar le páirtithe leasmhara agus ina measc a fheabhsú go gníomhach.

V. SOLÁTHAR FOIRNE

Chun an tionscadal a chur chun feidhme, beidh gá ag UNODA le foireann leanúnach thiomnaithe chun soláthar tráthúil, éifeachtúil agus ardcháilíochta a áirithiú maidir leis na gníomhaíochtaí ar fad. Faoi láthair, tá trí phost sheachbhuiséadacha ar théarma seasta atá lonnaithe i Nua-Eabhrac ar Fhoireann Tacaíochta UNSGM: Oifigeach Sinsearach Gnóthaí Polaitiúla (P-5), Oifigeach Gnóthaí Polaitiúla (P-3), agus Cúntóir Cláir (G-6). Tá na poist sin á gcistiú trí ranníocaíocht dheonach ó Bhallstát go dtí deireadh 2027. Comhlánaítear an Fhoireann le Post ón nGnáthbhuiséad atá tiomnaithe go páirteach d'fheidhmeanna a bhaineann le UNSGM.

I bhfianaise raon feidhme leathan an tionscadail atá beartaithe agus cheanglais ullmhachta oibríochtúla níos leithne UNSGM, aithníonn UNODA go bhfuil gá le hacmhainneacht mhéadaithe foirne ná mar atá ann faoi láthair. Mar sin féin, déantar foráil sa togra maidir le dhá cheann de na trí phost sheachbhuiséadacha atá ann cheana a choinneáil ar feadh thréimhse an tionscadail, agus an tAontas ag rannchuidiú le costais foirne ar feadh 12 mhí, ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2028. Is iad na poist sin an tOifigeach Gnóthaí Polaitiúla (P-3) agus an Cúntóir Cláir (G-6).

Chun rochtain a áirithiú ar shaineolas teicniúil an-speisialaithe a bhfuil gá leis chun comhpháirteanna tionscadail a chur chun feidhme go héifeachtach, oibreoidh UNODA le sainchomhairleoirí seachtracha le haghaidh tasc substainteach sonrach ar feadh téarma teoranta, de réir mar is gá.

VI. TUAIRISCIÚ

Cuirfidh UNODA tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn isteach maidir le cur chun feidhme an tionscadail.

VII. FAD

Is é 36 mhí ré iomlán mheasta chur chun feidhme an tionscadail.

VIII. INFHEICTHEACHT

Déanfaidh UNODA gach beart iomchuí chun a phoibliú go bhfuil an tionscadal á mhaoiniú ag an Aontas. Cuirfear gach gníomhaíocht infheictheachta chun feidhme i gcomhréir le '*Communication and Visibility Manual for EU External Actions*' [Lámhleabhar Cumarsáide agus Infheictheachta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais], lena n-áiritheofar ionadaíocht chruinn ar thacaíocht an Aontais agus comhlíonadh iomlán na gceanglas maidir le brandáil, úsáid suaitheantas agus admháil.

Leagfar béim shoiléir ar rannchuidiú an Aontais i ngach foilseachán, cur i láthair agus táirge faisnéise poiblí ábhartha a dhéanfar faoin tionscadal. Déanfaidh UNODA infheictheacht an Aontais a chomhtháthú freisin ina bhealaí cumarsáide níos leithne. Áirítear leis sin aitheantas réamhghníomhach a thabhairt do thacaíocht an Aontais i ráitis oifigiúla, i ndoiciméid oibre, agus i mbarúlacha poiblí a thabharfar le linn gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tionscadal. Chomh maith leis sin, beidh an tacaíocht ón Aontas le feiceáil i nuachtlitir leathbhliantúil UNSGM, ar shuíomh gréasáin UNODA, agus ar ardáin meán sóisialta UNODA, lena n-áiritheofar go gcuirfear na páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne ar an eolas go comhsheasmhach faoi ról an Aontais maidir le UNSGM a neartú.

IX. TAIRBHITHE

Is é UNSGM príomhthairbhí an tionscadail, agus dá thoradh beidh ullmhacht oibríochtúil fheabhsaithe aige agus acmhainneachtaí neartaithe ag a phríomh-chomhpháirteanna, lena n-áirítear Saineolaithe Cáilithe, Sainchomhairleoirí, agus Saotharlanna Anailíseacha. Baineann Ballstáit na Náisiún Aontaithe tairbhe mhór as freisin, ós rud é go dtacaíonn an tionscadal lena gcumas rannchuidiú go héifeachtach le UNSGM trí shaineolaithe, saotharlanna agus ranníocaíochtaí comhchineáil eile a ainmniú, agus go n-áirithíonn sé go ndéantar na ranníocaíochtaí sin a chomhtháthú in ollstruchtúr imscrúdaitheach domhanda comhleanúnach. Agus an méid sin á bhaint amach leis, neartaíonn an tionscadal UNSGM ina iomláine agus na Ballstáit a bhíonn ag brath ar fheidhmiú éifeachtach UNSGM agus a rannchuidíonn go gníomhach leis.